Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2026
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0297(COD)**

**8836/26**
**ADD 2**

**CODEC 853**
**POLCOM 166**
**SPG 4**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**D’iarr an Ungáir go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Tacaíonn an Ungáir le glacadh rialachán nua GSP ar bhonn an chomhaontaithe comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air.

Mar sin féin, ba mhaith linn a athdhearbhú nach bhfuil aon tionchar dearfach ag an imirce inti féin ar an bhfás cuimsitheach ná ar an bhforbairt inbhuanaithe. Ina ionad sin, ba cheart dúinn réitigh a lorg ar bhunchúiseanna an easáitithe agus cabhrú le tíortha timpeallacht chumasúcháin a chruthú ar mhaithe leis an bhforbairt shocheacnamaíoch.